AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.3.2024
COM(2024) 134 final

Moladh le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le leasú a dhéanamh ar an gComhaontú Airgeadaíochta le Prionsacht Andóra, agus ar an gComhaontú Airgeadaíochta le Poblacht San Mairíne

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

Shínigh an tAontas Eorpach Comhaontú Airgeadaíochta le Prionsacht Andóra[1], agus shínigh sé Comhaontú Airgeadaíochta eile le Poblacht San Mairíne[2].

I gcomhréir leis na Comhaontuithe Airgeadaíochta , is é an euro airgeadra oifigiúil Phrionsacht Andóra agus Phoblacht San Mairíne. Faoi na Comhaontuithe Airgeadaíochta, agus chun úsáid agus cosaint rianúil an euro a áirithiú, ní mór don dá thír gníomhartha dlí AE, ar gníomhartha dlí de chineál dlí airgeadaíochta iad, a thrasuí. Ós rud é go bhfuil earnáil baincéireachta shuntasach i bPrionsacht Andóra agus i bPoblacht San Mairíne a oibríonn go dlúth le hearnálacha baincéireachta sa limistéar euro, ní mór do Phrionsacht Andóra agus do Phoblacht San Mairíne reachtaíocht baincéireachta agus airgeadais AE a chur chun feidhme, ar reachtaíocht í is ábhartha chun an euro a chosaint. Go háirithe, tá sé seo i ndáil le gníomhaíocht na n-institiúidí airgeadais lena mbaineann, agus maoirseacht a dhéanamh ar na hinstitiúidí sin, de bhun na dtéarmaí agus coinníollacha a leagtar amach i ngach Comhaontú Airgeadaíochta. Thairis sin, ní mór don dá thír na gníomhartha dlí AE uile maidir le sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac (AML/CFT) a chur chun feidhme. Liostaítear na gníomhartha dlí AE atá le cur chun feidhme faoi na Comhaontuithe Airgeadaíochta sna hiarscríbhinní a ghabhann leo.

An chaibidlíocht maidir le Comhaontú Comhlachais le Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne, tugadh chun críche í i mí na Nollag 2023. I gcomhréir leis an gComhaontú Comhlachais, déanfaidh an dá thír forálacha uile AE is infheidhme lena gcumhdaítear baincéireacht, árachas, bainistiú sócmhainní agus margaí urrús a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm go hiomlán agus go héifeachtach. Sa Chomhaontú Comhlachais, déanfar foráil maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm iomlán na ngníomhartha dlí AE uile maidir le AML/CFT.

Na gníomhartha AE um sheirbhísí airgeadais agus um baincéireacht is ábhartha le haghaidh an euro, ar gníomhartha iad nach mór do Phrionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne a chur chun feidhme faoi na Comhaontuithe Airgeadaíochta, níl iontu ach fothacar na ngníomhartha AE um sheirbhísí airgeadais a bheidh le hachtú acu sa bhreis ar an gComhaontú Comhlachais. Is ionann an tacar gníomhartha dlí AE maidir le AML/CFT sna Comhaontuithe Airgeadaíochta agus sa Chomhaontú Comhlachais.

Tá forluí páirteach idir na gníomhartha dlí AE atá le cur chun feidhme de bhun na gcomhaontuithe éagsúla. Ciallaíonn sé sin, in éagmais gníomhaíochta, go mba ghá na gníomhartha forluiteacha a liostú sna hiarscríbhinní a ghabhann leis an dá chomhaontú. Mar gheall air sin, ba cheart teacht ar réiteach chun na dualgais a shoiléiriú agus chun dúbláil iarrachtaí a sheachaint, agus deimhneacht dhlíthiúil agus cur i bhfeidhm tapa na gcomhaontuithe á ráthú san am céanna.

Ní féidir na Comhaontuithe Airgeadaíochta a chomhtháthú leis an gComhaontú Comhlachais ós rud é go bhfuil cuspóirí agus bunúis dlí éagsúla acu. Is é Airteagal 219(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) bunús dlí na gComhaontuithe Airgeadaíochta. I gcomhréir leis sin, feidhmíonn an Chomhairle - agus ionadaíocht á déanamh aici ar na Ballstáit a d'aistrigh chuig an euro, agus ar na Ballstáit sin amháin - de réir riail réamhshocraithe an tromlaigh cháilithe ar mholadh ón gCoimisiún agus tar éis di

[1] IO C 369, 17.12.2011, lch. 1.
[2] IO C 121, 26.4.2012, lch. 5.

dul i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach. Tá an Comhaontú Comhlachais bunaithe ar Airteagal 218 CFAE faoina nglacfaidh an Chomhairle - agus ionadaíocht á déanamh aici ar na Ballstáit uile - cinneadh lena dtabharfar an comhaontú chun críche, agus toiliú faighte aici ó Pharlaimint na hEorpa.

Is é atá i gceist le réiteach inmharthana simplí leasú a dhéanamh ar na Comhaontuithe Airgeadaíochta. Trí bhíthin an leasaithe atá beartaithe, na gníomhartha reachtacha de chineál dlí airgeadaíochta (amhail na gníomhartha sin a bhaineann le nótaí bainc agus boinn, calaois agus góchumadh, staidreamh a thuairisciú don Bhanc Ceannais Eorpach, agus gníomhartha faoi Airteagal 133 CFAE), leanfaí díobh a liostú sna hIarscríbhinní a ghabhann leis na Comhaontuithe Airgeadaíochta. Mar sin féin, chuirfí clásal isteach sna Comhaontuithe Airgeadaíochta chun foráil a dhéanamh maidir leis na gníomhartha dlí AE nua uile i dtaca le AML/CFT agus na gníomhartha dlí AE nua uile maidir le baincéireacht agus airgeadas is ábhartha le haghaidh an euro a áireamh sa Chomhaontú Comhlachais a luaithe a bheidh na gníomhartha dlí AE sin infheidhme faoin gComhaontú Comhlachais. Go dtí go dtiocfaidh deighleoga an phrótacail maidir le seirbhísí airgeadais an Chomhaontaithe Comhlachais i bhfeidhm le haghaidh Stát comhlachaithe, agus go dtí go dtiocfaidh na gníomhartha dlí AE a bhaineann leis na deighleoga sin i bhfeidhm sa Stát comhlachaithe sin, leanfaí de *acquis* ábhartha an Aontais a ionchorprú agus a mheas san Iarscríbhinn a ghabhann le Comhaontuithe Airgeadaíochta an Stáit chomhlachaithe sin. Chuirfí an nós imeachta sin i bhfeidhm le haghaidh gach deighleoga i gcás ina mbeadh teacht i bhfeidhm na ndeighleog sin forásach.

Na gníomhartha a bhaineann le AML/CFT agus le baincéireacht agus airgeadas a liostaítear sa Chomhaontú Comhlachais ach atá ábhartha le haghaidh an euro, dhéanfaí iad a mharcáil go soiléir dá réir ionas gur féidir measúnú a dhéanamh ar a gcur chun feidhme an tráth céanna chun críocha na gComhaontuithe Airgeadaíochta. Leis sin, áiritheofar cuíchóiriú na gclár oibre agus seachnófar dúbláil iarrachtaí i gcruinnithe an Chomhchoiste maidir leis an gComhaontú Comhlachais, agus cruinnithe an Chomhchoiste maidir leis na Comhaontuithe Airgeadaíochta. Is é is cuspóir do sheirbhísí an Choimisiúin iarradh ar a gcomhpháirtithe ón mBanc Ceannais Eorpach páirt a ghlacadh i dtoscaireacht an Choimisiúin Eorpaigh chuig an bhFochoiste maidir le seirbhísí airgeadais, a bunaíodh faoin gComhaontú Comhlachais, nuair a phléann an Fochoiste sin cur chun feidhme na ngníomhartha maidir le AML/CFT, baincéireacht agus airgeadas is ábhartha le haghaidh an euro.

Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, chuirfí clásal eile leis na Comhaontuithe Airgeadaíochta chun neamhspleáchas an Chomhaontaithe Comhlachais agus na gComhaontuithe Airgeadaíochta a ráthú. Dhéanfaí foráil leis freisin maidir leis na gníomhartha i dtaca le baincéireacht agus airgeadas is ábhartha le haghaidh an euro, agus na gníomhartha maidir le AML/CFT a aistriú chuig na Comhaontuithe Comhlachais i gcás ina ndéanfaí an Comhaontú Comhlachais a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh go páirteach nó go hiomlán.

Moladh le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le leasú a dhéanamh ar an gComhaontú Airgeadaíochta le Prionsacht Andóra, agus ar an gComhaontú Airgeadaíochta le Poblacht San Mairíne

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 219(3) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún[1],

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach[2],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá inniúlacht eisiach ag an Aontas maidir le cúrsaí airgeadais agus ráta malairte ón dáta a tugadh isteach an euro.

(2) Shínigh an tAontas Comhaontú Airgeadaíochta le Prionsacht Andóra[3], agus shínigh sé Comhaontú Airgeadaíochta eile le Poblacht San Mairíne[4].

(3) Tar éis bailchríoch a chur ar an gcaibidlíocht i mí na Nollag 2023, tá coinne leis go síneoidh an tAontas Comhaontú Comhlachais le Prionsacht Andóra agus le Poblacht San Mairíne. Faoin gComhaontú Comhlachais agus a phrótacal maidir le seirbhísí airgeadais, glacfaidh Andóra agus San Mairíne páirt, ar bhonn forásach, sa mhargadh aonair le haghaidh seirbhísí airgeadais, rud a chiallaíonn gur cheart d'Andóra agus do Shan Mairíne *acquis* uile an Aontais agus reachtaíocht nua maidir le sciúradh airgid nó maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac, agus i dtaca le seirbhísí airgeadais, a thrasuí.

(4) Sna Comhaontuithe Airgeadaíochta agus sa Chomhaontú Comhlachais, déantar foráil maidir le cur chun feidhme ghníomhartha dlí an Aontais ag Andóra agus Poblacht San Mairíne. Liostaítear na gníomhartha sin sna hIarscríbhinní a ghabhann leis na Comhaontuithe faoi seach.

(5) Is ionann gníomhartha dlí an Aontais maidir le sciúradh airgid nó maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac, agus cuirfear chun feidhme iad de bhun an dá chineál comhaontaithe. Os a choinne sin, níl ach forluí páirteach idir na gníomhartha maidir le seirbhísí airgeadais. Na gníomhartha is infheidhme faoi na Comhaontuithe Airgeadaíochta, baineann siad go príomha le dlí baincéireachta agus airgeadais a

[1] IO C , , lch. .

[2] IO C , , lch. .

[3] Comhaontú Airgeadaíochta idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra (IO C 369, 17.12.2011, lch. 1).

[4] Comhaontú Airgeadaíochta idir an tAontas Eorpach agus Poblacht San Mairíne (IO C 121, 26.4.2012, lch. 5).

bhfuil baint aige le maoirseacht a dhéanamh ar institiúidí airgeadais is ábhartha le haghaidh an euro, ach tagann na gníomhartha dlí uile de chuid an Aontais maidir seirbhísí airgeadais faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Comhlachais.

(6) Na Comhaontuithe Airgeadaíochta, de pháirt, agus an Comhaontú Comhlachais den pháirt eile, tá siad neamhspleách ar a chéile agus tá cuspóirí agus bunúis dlí éagsúla acu. Is é Airteagal 219(3) CFAE bunús dlí na gComhaontuithe Airgeadaíochta, faoina bhfeidhmíonn an Chomhairle - agus ionadaíocht á déanamh aici ar na Ballstáit a d'aistrigh chuig an euro, agus ar na Ballstáit sin amháin - de réir riail réamhshocraithe an tromlaigh cháilithe ar mholadh ón gCoimisiún agus tar éis di dul i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach. Tá an Comhaontú Comhlachais bunaithe ar Airteagal 218 CFAE faoina nglacfaidh an Chomhairle - agus ionadaíocht á déanamh aici ar na Ballstáit uile - cinneadh lena dtabharfar an comhaontú chun críche, agus toiliú faighte aici ó Pharlaimint na hEorpa. Mar sin de, tá na Comhaontuithe neamhspleách ar a chéile agus ní féidir na Comhaontuithe Airgeadaíochta a chomhtháthú leis an gComhaontú Comhlachais.

(7) Ba cheart teacht ar shásra chun aghaidh a thabhairt ar fhorluí páirteach dualgas comhionann faoi na comhaontuithe éagsúla agus chun idirghníomhú rianúil eatarthu a áirithiú. Is é atá i gceist le réiteach inmharthana simplí leasú a dhéanamh ar na Comhaontuithe Airgeadaíochta.

(8) Ba cheart clásal a chur isteach sna Comhaontuithe Airgeadaíochta lena ndéanfaí foráil maidir leis na gníomhartha dlí nua uile de chuid an Aontais i dtaca le sciúradh airgid nó maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac, agus na gníomhartha dlí nua uile de chuid an Aontais maidir le baincéireacht agus airgeadas is ábhartha le haghaidh an euro a ionchorprú sa Chomhaontú Comhlachais a luaithe a bheidh na gníomhartha dlí sin de chuid an Aontais infheidhme faoin gComhaontú Comhlachais. An measúnú ar chur chun feidhme na ngníomhartha sin go léir, is cuma má bhaineann siad leis an am atá caite nó leis an am atá le teacht, ba cheart tabhairt faoin measúnú sin faoi chuimsiú an Chomhaontaithe Comhlachais, agus d'fhéadfadh sé a bheith ábhartha maidir le cur i bhfeidhm na gComhaontuithe Airgeadaíochta.

(9) Na gníomhartha dlí de chuid an Aontais ar gníomhartha de chineál dlí airgeadaíochta iad, ba cheart iad a rialú leis na Comhaontuithe Airgeadaíochta ar bhonn eisiach.

(10) Ba cheart clásal a chur isteach sna Comhaontuithe Airgeadaíochta chun neamhspleáchas na gcomhaontuithe a ráthú.

(11) Na gníomhartha dlí de chuid an Aontais maidir le baincéireacht agus airgeadas is ábhartha le haghaidh an euro, agus na gníomhartha dlí de chuid an Aontais i dtaca le sciúradh airgid nó maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac ar cuid den Chomhaontú Comhlachais anois iad, ba cheart iad a ionchorprú sna Comhaontuithe Airgeadaíochta go huathoibríoch dá gcuirfí an Comhaontú Comhlachais ar fionraí go páirteach nó go hiomlán, nó dá bhfoirceannfaí é.

(12) Cinnfidh an Chomhairle na socruithe maidir le leasú a dhéanamh ar chomhaontuithe a bhaineann le cúrsaí airgeadaíochta nó cúrsaí córais mhalairte eachtraí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Lorgóidh an Coimisiún na hathruithe seo a leanas ar na Comhaontuithe Airgeadaíochta agus é i mbun caibidlíochta maidir le leasú a dhéanamh ar an gComhaontú Airgeadaíochta le Prionsacht Andóra, agus ar an gComhaontú Airgeadaíochta le Poblacht San Mairíne:

(a) Clásal a chur isteach sna Comhaontuithe Airgeadaíochta faoina mbeidh na gníomhartha nua uile a bhaineann le fothacar ghníomhartha dlí an Aontais maidir le dlí baincéireachta agus airgeadais is ábhartha le haghaidh an euro, agus na gníomhartha dlí nua uile de chuid an Aontais i dtaca le sciúradh airgid nó maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac, mar chuid den Iarscríbhinn is infheidhme a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais ar bhonn eisiach a luaithe a thiocfaidh na gníomhartha dlí sin de chuid an Aontais i bhfeidhm faoin gComhaontú Comhlachais;

(b) Clásal a chur isteach sna Comhaontuithe Airgeadaíochta lena n-áirithítear gur cheart an measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngníomhartha dlí uile de chuid an Aontais maidir le dlí baincéireachta agus airgeadais is ábhartha le haghaidh an euro, agus an measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngníomhartha uile de chuid an Aontais maidir le sciúradh airgid nó maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac, faoi chuimsiú an Chomhaontaithe Comhlachais, is cuma má bhaineann na gníomhartha sin leis an am atá caite nó leis an am atá le teacht, agus d'fhéadfadh siad a bheith ábhartha maidir le cur i bhfeidhm na gComhaontuithe Airgeadaíochta. Leis an gclásal, ba cheart a shonrú freisin go soiléir go ndéanfaí na gníomhartha dlí de chuid an Aontais maidir le dlí baincéireachta agus airgeadais is ábhartha le haghaidh an euro a mharcáil go soiléir dá réir ionas gur féidir measúnú a dhéanamh ar a gcur chun feidhme an tráth céanna chun críoch an Chomhaontaithe Airgeadaíochta, agus ionas gur féidir déanamh amhlaidh an tráth céanna le haghaidh ghníomhartha dlí uile an Aontais maidir le sciúradh airgid nó maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac;

(c) Clásal a chur isteach sa Chomhaontú Airgeadaíochta faoina ndéanfar na gníomhartha dlí de chuid an Aontais maidir le dlí baincéireachta agus airgeadais is ábhartha le haghaidh an euro, agus gníomhartha dlí uile an Aontais maidir le sciúradh airgid nó maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac a liostaítear sa Chomhaontú Comhlachais, ar gníomhartha iad is ábhartha maidir le húsáid agus cosaint rianúil an euro, a mharcáil go soiléir ionas gur féidir an measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngníomhartha sin i bPrionsacht Andóra agus i bPoblacht San Mairíne an tráth céanna faoin gComhaontú Comhlachais chun críocha na gComhaontuithe Airgeadaíochta;

(d) Clásal a chur isteach sna Comhaontuithe Airgeadaíochta faoina ndéanfar fothacar na ngníomhartha dlí nua uile de chuid an Aontais maidir dlí baincéireachta agus airgeadais is ábhartha le haghaidh an euro, agus fothacar na ngníomhartha dlí nua uile de chuid an Aontais maidir le sciúradh airgid nó maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac a ionchorprú go huathoibríoch sna hIarscríbhinní a ghabhann leis na Comhaontuithe Airgeadaíochta, agus iad mar chuid den Chomhaontú Comhlachais, dá ndéanfaí an Comhaontú Comhlachais a chur ar fionraí go páirteach nó go hiomlán, nó dá bhfoirceannfaí é;

(e) Clásal a chur isteach sna Comhaontuithe Airgeadaíochta lena n-áirithítear go ndéanfar gníomhartha dlí an Aontais, ar gníomhartha de chineál dlí airgeadaíochta iad, a rialú leis na Comhaontuithe Airgeadaíochta ar bhonn eisiach.

Cuirfidh an Coimisiún Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne ar an eolas maidir leis an ngá atá le leasú a dhéanamh ar na Comhaontuithe Airgeadaíochta, agus léireoidh sé go bhfuil an tAontas ullamh chun an leasú sin a dhéanamh.

Airteagal 2

Tugtar de chumhacht don Choimisiún an leasú ar an gComhaontú Airgeadaíochta le Prionsacht Andóra a chaibidliú, a thabhairt i gcrích agus a shíniú i gceithre theanga: Catalóinis, Fraincis, Béarla agus Spáinnis. Beidh an téacs chomh barántúil céanna i ngach ceann de na teangacha sin.

Tugtar de chumhacht don Choimisiún an leasú ar an gComhaontú Airgeadaíochta le Poblacht San Mairíne a chaibidliú, a thabhairt i gcrích agus a shíniú i mBéarla.

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán